# Vóta 26  Oideachas agus Scileanna

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, ar sheirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

**Aistriú na bhfeidhmeanna**

Ag eascairt ón Ordú um Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2011, aistríodh feidhmeanna áirithe na Roinne maidir leis an gClár Críochnaithe Scoile agus leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais chuig Vóta 43, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra, le héifeacht ó 1 Meitheamh 2011. Aistríodh freagracht airgeadais as Cláir Fhostaíochta FÁS chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ó 1 Eanair 2011. Ó 1 Eanair 2011 freisin, tharla aistriú maoinithe chuig an Roinn seo ón Roinn Sláinte i dtaca le soláthar an oideachais altranais.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla***

Tuairiscítear ar Cheangaltais Chaipitil atá Infheidhmithe le Dlí ag an tairseach €12.697 milliún. (S14/03/06)

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ina thaobh sin agus ag féachaint go sonrach don Chóras um Rialú Inmheánach Airgeadais, is é seo a leanas an scéal maidir le hoiliúint agus le hintreoir na foirne, le sainoiliúint airgeadais, le bainistíocht phriacail agus le slándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.

***Oiliúint foirne***

Is trí na próisis um pleanáil ghnó agus um an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a shainaithníonn an Roinn na riachtanais oiliúna agus forbartha. Leantar den oiliúint a chur ar fáil i dtaca leis an mbainistíocht airgeadais, leis an soláthar, leis an iniúchóireacht inmheánach, leis an bpárolla (m.s. cúrsaí ar an ÍMAT/ÁSPC, ar an Tobhach Pinsin agus ar an Muirear Sóisialta Uilíoch), leis an gCáin Bhreisluacha (CBL), leis an gCáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla agus le Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA) na Roinne.

***Bainistíocht Phriacail***

Oibríonn an Roinn Córas Bainistíochta Priacail atá snaidhmthe sa phróiseas pleanála gnó i gcomhair rannóga uile na Roinne.

***Teicneolaíocht Faisnéise***

Lean an Roinn sa bhliain 2011 d'fhéachaint le hoibriú de réir an chleachtais is fearr ó thaobh na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus leanann sí de bhonneagar na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a athbhreithniú, a fheabhsú agus a uasghrádú. Tugann sainchomhairleoirí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise go tráthrialta faoi 'scrúduithe sláinte' slándála. Clúdaíonn na measúnuithe seo réimsí mar shlandáil na mbunachar sonraí, rialú rochtana líonra, slándáil na bhfeidhmchlár agus tástáil treáite ar fheidhmchláir ghréasáin atá dírithe lasmuigh. Rinneadh bearta maolaitheacha mar fhreagra ar mhionphriacail a sainaithníodh sa bhliain 2011.

***Iniúchóireacht Inmheánach***

Ullmhaítear cláir bhliantúla iniúchóireachta faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn comhlíonadh cheanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le bainistíocht, le rialú agus le hiniúchadh na bhfeidhmeanna dá leithéid in Éirinn) don Choiste ar fheidhmiú na gclár seo agus ar chríochnú na dtuarascálacha iniúchóireachta. Críochnaíodh agus eisíodh trí cinn is fiche de thuarascálacha iniúchóireachta go hiomlán, sé cinn déag de thuarascálacha Chiste Sóisialta na hEorpa agus seacht dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí, i rith na bliana 2011. Tugadh ceithre cinn de na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí ar aghaidh ó Chlár Iniúchóireachta na Bliana 2010 agus bhí na trí cinn eile ar Chlár Iniúchóireachta na Bliana 2011.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa faoi chairt scríofa.

***Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais***

Ar na cora maidir le bainistíocht airgeadais na Roinne i rith na bliana 2011 bhí éifeachtúlachtaí feabhsaithe ar phróiseáil na sonrasc agus ar thuairisciú airgeadais i dtaca leis an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Cuireadh oiliúint in úsáid na nuathuarascálacha airgeadais ar fáil don fhoireann i láithreacha ceanncheathrún na Roinne agus chuimsigh sí oiliúint faoi oibriú na nósanna cuí imeachta airgeadais ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Leanadh de threorú ar fheidhmiú na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí a chur ar fáil freisin.

Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta na tuarascálacha bainistíochta caiteachais a athbhreithniú agus a fhaomhadh ar bhonn míosúil. Rinneadh athbhreithniú ar theorainneacha údaraithe Íocaíochta ar fud na Roinne i rith na bliana 2011 maidir leis an réimse a bhí ag gach ball den Choiste Comhairleach Bainistíochta chun deimhin a dhéanamh d'oibriú éifeachtach na dteorainneacha sin.

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
30 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 26: Oideachas agus Scileanna le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidlí 17 agus 18 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 26 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire agus Ciste
11 Méan Fomhair 2012

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. Tuarastail, pá agus liúntais[1] | | 62,743 | 60,197 | 59,878 |
| A.2. Taisteal agus cothú | | 1,577 | 1,420 | 1,490 |
| A.3. Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha[1] | | 1,355 | 1,001 | 1,189 |
| A.4. Seirbhísí poist agus | | 3,250 | 2,401 | 2,721 |
| A.5. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise | | 5,462 | 5,053 | 3,949 |
| A.6. Costais áitreabh oifige | | 2,350 | 1,635 | 1,726 |
| A.7. Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an Luach ar Airgead agus ar pholasaithe | | 100 | 50 | 39 |
| A.8. Costais oifigí réigiúnacha | | 260 | 233 | 267 |
| A.9. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | | 18,629 | 17,763 | 16,656 |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| B.1. Ciste deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta Eagraíochtaí Oideachais Aosaigh (páirtmhaoinithe as an gCrannchur Náisiúnta) | | 854 | 854 | 864 |
| B.2. Seirbhísí iompair | | 179,974 | 171,483 | 181,409 |
| B.3. Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta | | 1,038 | 955 | 1,082 |
| B.4. Ranníocaíocht le hEOECNA/UNESCO agus malartuithe idirnáisiúnta | | 2,464 | 2,172 | 2,418 |
| B.5. Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha | | 2,475 | 2,270 | 5,974 |
| B.6. Oideachas múinteoirí | | 25,205 | 23,453 | 23,573 |
| B.7. Costais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | | 3,812 | 3,447 | 3,837 |
| B.8. Maoiniú Tionscadal i limistéir Tascfhórsa Drugaí | | 543 | 412 | 2,461 |
| B.9. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | | 9,015 | 8,152 | 8,216 |
| B.10. Míbhuntáiste oideachasúil (Maoiniú Cuntas Díomhaoin) | | 2,000 | 1,613 | 2,060 |
| B.11. Straitéis sláinte gairme le haghaidh múinteoirí céad agus dara leibhéal | | 1,750 | 1,744 | 1,742 |
| B.12. Sásamh i leith Foras Cónaithe | | 45,000 | 44,200 | 43,193 |

| Seirbhís | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí Eile (ar leanúint)** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.13. Costais ghinearálta Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann (deontas-i-gcabhair) | | 3,544 | 3,544 | 3,635 |
| B.14. Ciste deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta eagraíochtaí cultúir, eolaíochta agus oideachais (páirtmhaoinithe as an gCrannchur Náisiúnta) | | 196 | 187 | 196 |
| B.15. Maoiniú Comhoibrithe Thuaidh/Theas | | 3,350 | 1,187 | 2,717 |
| B.16. Ciste le haghaidh costas ginearálta eagraíochtaí atá i mbun Éire a chur chun cinn mar ionad idirnáisiúnta oideachais | | 100 | 91 | 229 |
| B.17. Ilghnéitheach | | 5,005 | 4,200 | 4,591 |
| B.18. Gníomhaíochtaí um theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide scoileanna | | 15,078 | 9,566 | 81,253 |
| B.19. An Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | | 12,994 | 2,173 | 2,261 |
| B.20. Creat Oibre Náisiúnta na gCáilíochtaí | | 9,323 | 7,918 | 8,938 |
| — *An Clár Críochnaithe Scoile* [2] | | — | — | *30,008* |
| — *An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais* [2] | | — | — | *8,695* |
| **Deontais agus seirbhísí oideachais an chéad leibhéil** | | | | |
| C.1. Tuarastail srl. múinteoirí | | 2,052,229 | 2,050,404 | 2,006,602 |
| C.2. Modhscoileanna - costais ilghnéitheacha | | 511 | 469 | 512 |
| C.3. Deontais chaipitíochta le haghaidh costas oibriúcháin scoileanna | | 187,102 | 186,933 | 193,281 |
| C.4. Tuarastail srl. foirne neamh-mhúinteoireachta i scoileanna náisiúnta, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta, airígh agus oifigigh chléireachais | | 310,451 | 300,079 | 291,383 |
| C.5. Deontais agus seirbhísí eile | | 55,337 | 51,059 | 54,406 |
| C.6. Aoisliúntas srl. múinteoirí | | 473,474 | 487,029 | 449,104 |
| C.7. Tionscnaimh oideachais speisialta | | 6,065 | 4,970 | 10,609 |
| **Deontais agus seirbhísí dara leibhéal agus breisoideachais** | | | | |
| D.1. Tuarastail srl. múinteoirí i meánscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i bpobalscoileanna | | 1,180,733 | 1,175,669 | 1,179,101 |
| D.2. Deontais d'údaráis meánscoileanna agus deontais agus seirbhísí eile maidir le meánscoileanna | | 107,191 | 104,280 | 109,158 |

| Seirbhís | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais agus seirbhísí dara leibhéal agus breisoideachais (ar leanúint)** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.3. Tuarastail srl. foirne neamh-mhúinteoireachta i meánscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i bpobalscoileanna, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta agus oifigigh chléireachais | | 52,151 | 49,126 | 47,093 |
| D.4. Aoisliúntas múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna | | 344,125 | 345,078 | 329,648 |
| D.5. Scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna - costais oibriúcháin | | 46,342 | 46,342 | 48,680 |
| D.6. Deontais bhliantúla do Choistí Gairmoideachais (gan deontais áirithe maidir le saincholáistí agus tacaíocht do mhic léinn a chur san áireamh) | | 906,809 | 926,340 | 912,705 |
| D.7. Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla maidir le muirir aoisliúntais | | 234,278 | 230,796 | 217,438 |
| D.8. Ilghnéitheach | | 18,574 | 17,929 | 18,970 |
| D.9. Tionscnaimh speisialta oideachais aosaigh | | 44,465 | 43,851 | 44,929 |
| D.10 Coimisiún na Scrúduithe Stáit | | 54,310 | 55,912 | 54,286 |
| **Deontais agus seirbhísí tríú leibhéal agus breisoideachais** | | | | |
| E.1. Tacaíocht do mhic léinn | | 386,057 | 355,057 | 361,992 |
| E.2. Scoláireachtaí ollscoile | | 1,800 | 1,654 | 1,549 |
| E.3. An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta | | 5,587 | 5,037 | 5,500 |
| E.4. An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontais reatha ghinearálta d'ollscoileanna agus do choláistí, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile (deontas-i-gcabhair) | | 1,177,032 | 1,177,032 | 1,194,183 |
| E.5. Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas | | 12,549 | 11,469 | 11,508 |
| E.6. An Ciste Straitéiseach Nuálaíochta | | 14,000 | 14,000 | 18,890 |
| E.7. Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath - deontas oideachais déidliachta (deontas-i-gcabhair) | | 11,986 | 11,986 | 12,335 |

| | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Deontais agus seirbhísí tríú leibhéal agus breisoideachais** | | | | |
| E.8. Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair) | | 7,020 | 7,020 | 7,213 |
| E.9. Deontas i leith táillí teagaisc | | 5,475 | 5,018 | 5,126 |
| E.10. Ilghnéitheach | | 220 | 418 | 253 |
| E.11. Deontais d'fhorais tríú leibhéal áirithe | | 17,019 | 17,149 | 17,454 |
| E.12. Maolú míbhuntáiste | | 16,000 | 16,000 | 16,057 |
| E.13. Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha | | 41,085 | 38,549 | 52,214 |
| E.14. Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | | 2,080 | 1,276 | 1,042 |
| **Seirbhísí caipitil** | | | | |
| F.1. Tógáil, trealmhú agus feistiú scoileanna náisiúnta agus scoileanna dara leibhéal | | 418,000 | 455,074 | 312,264 |
| F.2. Costais na comhpháirtíochta príobháidí poiblí | | 57,151 | 54,632 | 43,150 |
| F.3. An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna agus do choláistí, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais | | 57,335 | 77,320 | 168,882 |
| F.4. Deontais tógála agus costais chaipitil d'fhorais tríú leibhéal eile | | 165 | — | 165 |
| — *Scoileanna dara leibhéal - deontais tógála agus costais* | | — | — | *213,468* |
| **Forbairt Scileanna [4, 5, 6]** | | | | |
| G.1. FÁS - Riarachán agus costais ghinearálta | | 85,491 | 85,491 | 88,859 |
| G.2. FÁS - Tacaíochtaí oiliúna agus lánpháirtithe | | 40,267 | 40,267 | 23,353 |
| G.3. Clár Leonardo | | 140 | 140 | 140 |
| G.4. FÁS - Caipiteal | | 5,500 | 4,000 | 4,471 |
| G.5. FÁS - Íocaíochtaí pinsin a eascraíonn ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)2009 | | 30,500 | 30,500 | 22,930 |
| G.6. An Ciste Eorpach don Domhandú | | 1,000 | 1,055 | 733 |
| G.7. Clár oibriúcháin um fhorbairt acmhainní daonna - cúnamh teicniúil | | 1,300 | 578 | 320 |
| — *FÁS - Cláir Fhostaíochta* [4] | | — | — | *286,507* |

| | | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Ollchaiteachas** | | **8,888,352** | **8,866,362** | **9,345,730** |
| | **Bain de:** | | | | |
| H. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **608,933** | **617,483** | **621,868** |
| | **Glanchaiteachas** | | **8,279,419** | **8,248,879** | **8,723,862** |
| | **Farasbarr le Tabhairt Suas** | | | **€30,540,004** | **€23,242,898** |

**Nótaí ar fho-mhírchinn na bliana 2011**

[1] Chun soiléireireacht fheabhsaithe ó thaobh an riaracháin de a chur ar fáil, athdháileadh costais na bliana 2010 a bhain leis an iar-fho-mhírcheann um Athbhreithnithe ar an Luach ar Airgead agus ar Pholasaithe (caitheadh €737,000 i rith na bliana 2010) ar na fo-mhírchinn chaiteachais phá (A.1. €730,000) agus neamhphá (A.3. €7,000) ba chuí.

[2] Aistríodh na feidhmeanna maidir leis an gClár Críochnaithe Scoile (Fo-mhírcheann B.20. roimhe sin) agus leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (B.21. tráth) agus cuid d'fho-mhírcheann C.5. Deontais agus Seirbhísí Eile chuig Vóta 43 - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra ar 1 Meitheamh 2011 faoin Ordú um Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2011.

[3] Le héifeacht ón mbliain 2011, tá fo-mhírcheann caipitil amháin, fo-mhírcheann F.1. á úsáid chun ligean do sholúbthacht níos mó idir an caiteachas caipitil ar an mbunleibhéal agus ar an dara leibhéal. Sa bhliain 2010, d'fhreagair fo-mhírcheann F.1. don chaiteachas caipitil ar an mbunleibhéal agus d'fhreagair fo-mhírcheann F.2. don chaiteachas caipitil ar an dara leibhéal. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí comhcheangailte i 2010 ná €525.7 milliún.

[4] Mar thoradh ar aistriú na bhfeidhmeanna idir na Ranna Rialtais a tháinig i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2010, d'aistrigh maoiniú maidir le Cláir Fhostaíochta FÁS ó Vóta 34 Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta go Vóta 26 i gcomhair na bliana 2010. Le héifeacht ó 1 Eanáir 2011, aistríodh an maoiniú maidir le Cláir Fhostaíochta FÁS (Fo-mhírcheann G.3 sa bhliain 2010) ó Vóta 26 go Vóta 38 - an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Nótaí ar chaiteachas na bliana 2010**

[5] Mar thoradh ar aistriú na bhfeidhmeanna idir na Ranna Rialtais a tháinig i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2010, d'aistrigh feidhmeanna taighde áirithe, agus an Clár um Thaighde i bhForais Tríú Leibhéal san áireamh, ó Vóta 26 go Vóta 34 - Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta ón dáta sin.

[6] Tugadh cuntas i bhFo-mhírchinn maidir le Forbairt na Scileanna faoi Vóta 34, Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta go dtí 30 Aibreán 2010.

# Nótaí ar an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | 89,753 | 87,915 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 8,776,609 | 9,257,815 |
| **Ollchaiteachas** | | 8,866,362 | 9,345,730 |
| Bain de | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | 617,483 | 621,868 |
| **Glanchaiteachas** | | 8,248,879 | 8,723,862 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | | (30,493) | (67,971) |
| Dímheas | | 1,452 | 1,799 |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 56,146 | 62,595 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (42,641) | (20,960) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Meadú ar fhabhruithe deiridh | | 20,296 | (810) |
| Laghdú ar stoc | | 29 | 7 |
| **Caiteachas díreach** | | 8,253,668 | 8,698,522 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | 23,820 | 22,654 |
| Measchíosanna | | 2,508 | 3,607 |
| **Iomlán an chostais oibriúcháin** | | **8,279,996** | **8,724,783** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Airgeadas | 50 | — |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 17,995 | 16,934 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,253 | 5,223 |
| 20 | An Garda Síochána | 63 | 214 |
| | An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí srl. | 459 | 283 |
| | | **23,820** | **22,654** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Note | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 118,140 | 115,213 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 21,822 | 9,618 |
| | | **139,962** | **124,831** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 56,117 | 22,005 |
| Stoic | 2.4 | 95 | 124 |
| Réamhíocaíochtaí | | 7,437 | 7,318 |
| Ró-íocaíochtaí d'aisghabháil | | 3,150 | 1,581 |
| Aisghabháil chostais na foirne ar Iasacht | | 1,235 | 1,347 |
| Ioncam fabhraithe | | 202 | 27,163 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 6,451 | 6,906 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **74,687** | **66,444** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 12,271 | 19,126 |
| Ioncam iarchurtha | | 91 | — |
| Aisghabháil phinsin d'údaráis áitiúla | | 1,416 | 151 |
| Aisghabháil tuarastail do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile | | 5 | — |
| Cistí AE ar fionraí | | 49,619 | 24,368 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 1,988 | 1,628 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 10,961 | 2,915 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **76,351** | **48,188** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **(1,664)** | **18,256** |
| **Glansócmhainní** | | **138,298** | **143,087** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | | **138,298** | **143,087** |

## 2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus Foirgnimh €000 | Troscán agus Feistis €000 | Trealamh Oifige €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 112,344 | 7,769 | 19,478 | 139,591 |
| Breiseanna | 59,847 | 7 | 671 | 60,525 |
| Diúscairtí | (56,141) | (15) | (318) | (56,474) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 116,050 | 7,761 | 19,831 | 143,642 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | — | 6,804 | 17,574 | 24,378 |
| Dímheas i leith na bliana | — | 340 | 1,112 | 1,452 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (14) | (314) | (328) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | — | 7,130 | 18,372 | 25,502 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **116,050** | **631** | **1,459** | **118,140** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **112,344** | **965** | **1,904** | **115,213** |

**Nóta Ginearálta**

**1 An Chéad Leibhéal**

1.1. Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna seacht gcinn is tríocha de láithreáin an chéad leibhéil agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.2(i) Tá ocht ngaelscoil is caoga agus tá trí scoil ilchreidmheach is fiche ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta. Tá dhá phobalscoil náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach á rialú/mbainistiú ag bainisteoir amháin arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.2(ii) Tá dhá láithreán agus dhá fhoirgneamh de scoileanna Ilchreidmheacha agus aon láithreán amháin agus aon fhoirgneamh amháin de scoil Chaitliceach i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi léas fadtréimhseach ach tá siad á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.2(iii) Tá naoi gcinn de mhodhscoileanna, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.3. Ba é móriomlán na scoileanna náisiúnta á bhí ag feidhmiú ar 31 Nollaig 2011 ná 3,300. Cé is moite de 1.2(i) go 1.2(iii) thuas, scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis dheoisigh ábhartha.

1.4. Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, aistreofar scoil choinneála leanaí amháin atá dílsithe don Aire Oideachais agus Scileanna chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis na nósanna imeachta dlíthiúla go léir atá riachtanach a thabhairt chun críche. Aistríodh trí cinn eile de scoileanna coinneála leanaí chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí cheana. Tá scoil choinneála leanaí amháin dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá na scoileanna á mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.5. Tá an tAire ar dhuine den bheirt ráthóir ar Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin (Gabháltais) Teoranta, ar cuideachta atá teoranta ag ráthaíocht é agus ar úinéir agus sealbhóir maoine i gContae Ard Mhacha é, maoin a úsáidtear do Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

**2. An Dara Leibhéal**

2.1. Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna ocht gcinn déag de láithreáin i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

2.2(i) Tá ceithre cinn déag de scoileanna Cuimsitheacha, naoi gcinn is seachtó de phobalscoileanna agus ceithre mheánscoil, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

2.2(ii) Dílsítear dhá chéad caoga a ceathair de ghairmscoileanna do Choistí Gairmoideachais faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930.

2.2(iii) Tá trí chéad seachtó a dó de mheánscoileanna faoi úinéireacht phríobháideach.

**3 An Tríú Leibhéal**

3.1. Ba leis an Aire Oideachais agus Scileanna an talamh agus na foirgnimh in aon (1) fhoras tríú leibhéal amháin (Institiúid Forbartha Tuaithe agus Gnó Thiobraid Árann - Campas Dhurlais) go dtí 31 Lúnasa 2011 agus bhí siad á rialú/mbainistiú ag Bord Stiúrthóirí go dtí an dáta sin. Le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2011, rinneadh an Institiúid a chónascadh le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus ar an dáta sin rinneadh an talamh agus na foirgnimh a chomhchuimsiú i punann sócmhainní Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, atá ina comhlacht poiblí faoi scáth na Roinne.

## 2.2 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil á bhForbairt

| | Conarthaí Tógála | Feidhmchláir Intí Ríomhaireachta | Iomláin |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011 | 9,267 | 351 | 9,618 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim i leith na bliana | 42,013 | 628 | 42,641 |
| Aistrithe go clár na sócmhainní | (30,437) | — | (30,437) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011 | 20,843 | 979 | 21,822 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 61,659 | 29,629 |
| Orduithe gan íoc | (5,542) | (7,624) |
| | 56,117 | 22,005 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Páipéarachas | 56 | 58 |
| Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise | 39 | 66 |
| | 95 | 124 |

## 2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 1,345 | 492 |
| Fochuntasóirí | 117 | 126 |
| Aiscí pósta, scoir agus báis | 310 | 1,429 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 538 | 715 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 3,580 | 3,580 |
| Pasanna taistil | 151 | 150 |
| Dlite ón Stát - ar fionraí | 5 | 6 |
| Aisghabháil sheirbhísí comhroinnte na noifigí | 269 | 219 |
| An Bord um Shásamh | — | 108 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 52 | 54 |
| Ilghnéitheach | 84 | 27 |
| | 6,451 | 6,906 |

## 2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Dlite don Stát | 68 | 155 |
| **Ar Fionraí** | | |
| An Bord um Shásamh | 681 | — |
| Aisíoc pinsin | 242 | 661 |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste | 3 | 2 |
| Dearlaic Erasmus Smith | 127 | 125 |
| Clár tógála fuinnimh | 586 | 617 |
| Cistí an Aontais Eorpaigh | 49,619 | 24,368 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí (cothabháil) | — | 21 |
| Banc Ceannais | 173 | — |
| Pinsean do Chéilí agus Leanaí | 75 | — |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 11 | — |
| Ilghnéitheach | 22 | 47 |
| | 51,607 | 25,996 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 30,540 | 23,243 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (19,579) | (20,328) |
| Glandliteanas don Státchiste | 10,961 | 2,915 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 56,117 | 22,005 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 6,446 | 6,900 |
| Dlite ón Stát - ar fionraí | 5 | 6 |
| | 62,568 | 28,911 |
| **Crediúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (68) | (155) |
| EU funds suspense | (49,619) | (24,368) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,920) | (1,473) |
| | (51,607) | (25,996) |
| | 10,961 | 2,915 |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **A. Ceangaltais Iltaobhacha** | | |
| Ceangaltais ar dealraitheach go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sna blianta le teacht maidir le:- | | |
| Fo-mhírchinn soláthair | 247 | 985 |
| Fo-mhírchinn deontais | 2,187 | 10,501 |
| **B. Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla** | | |
| **1 Ceangaltais Chaipitil is Infheidhmithe le Dlí** | | |
| Caiteachas sa bhliain 2011 | 593,700 | 822,462 |
| Ceangaltais atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht | 1,409,028 | 1,427,295 |

**2. Ceangaltais Chaipitil is Infheidhmithe le Dlí**

Tionscadail chaipitil a chuimsíonn caiteachas iomlán €12,697,380 nó níos mó

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2010 | Caiteachas i 2011 | Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht | Iomláin |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhírcheann F.1.** | | | | |
| 1 Pobalscoil Mhullach Íde | 13,846 | — | 21 | 13,867 |
| 2 Gairmscoil Ráth Tó[1] | 13,181 | — | — | 13,181 |
| 3 Pobalscoil Eochaille | 14,580 | — | 14 | 14,594 |
| 4 Pobalcholáiste Bhaile Fiobail[2] | 19,242 | 823 | 256 | 20,321 |
| **Fo-mhírcheann F.3.**[3] | | | | |
| 5. Baile Átha Luain - Foirgneamh Faisnéisíochta Innealtóireachta | 31,978 | 2,231 | 1,791 | 36,000 |
| 6. Ollscoil na hÉireann, Corcaigh - Leigheas[4] | 15,736 | 5,208 | 1,737 | 22,681 |
| 7. Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath - Lárionad Eolaíochta | 5,580 | 9,981 | 46,213 | 61,774 |
| 8. Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad - Leabharlann | 1,482 | 4,804 | 13,705 | 19,991 |
| 9. Coláiste na Tríonóide, Báile Átha Cliath - Leigheas | 15,240 | 3,683 | 2,302 | 21,225 |
| 10. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1a/ bonneagar[5] | 15,295 | 251 | 324 | 15,870 |
| 11. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1b/c bonneagar | 23,331 | 19 | 802 | 24,152 |
| 12. Coláiste Phádraig, Droim Conrach - Forbairt an Champais | 5,505 | 1,826 | 32,405 | 39,736 |
| 13. Ollscoil Luimnigh - Scoil an Leighis | 8,627 | 1,412 | 3,832 | 13,871 |

[1] I gcuntais na bliana 2010, sonraíodh tionscadal Ráth Tó mar cheann a raibh ceangaltas breise €1,000 air. Tá an tionscadal críochnaithe anois.

[2] Is comhthionscadal bunoideachais/iar-bhunoideachais é tionscadal Phobalcholáiste Bhaile Fiobail. Is é costas iomlán an tionscadail ná €24.492m dá maoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna 82.97%. Maoiníonn Comhairle Chontae Fhine Gall an fuílleach. Tá an ceangaltas conarthach méadaithe de €0.4m ó foilsíodh cuntais na bliana 2010 toisc gur faomhadh orduithe athraithe a d'eascair ó athruithe a aontaíodh ar raon an chonartha.

[3] Críochnaíodh faoi dheireadh na bliana 2010 tionscadail áirithe a bhí ar liosta na bliana 2010 de na ceangaltais chaipitil is infheidhmithe le dlí. Ba iad na tionscadail sin ná tionscadal Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus tionscadal na Scoile Innealtóireachta d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá na gníomhaíochtaí taighde go léir dílsithe anois don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Vóta 34) agus is é an toradh atá air seo ná go bhfuil na tionscadail a bhaineann go sonrach le taighde a tuairiscíodh roimhe seo faoi Vóta 26 bainte de thábla Vóta 26 na gceangaltas caipitil is infheidhmithe le dlí. Is iad na tionscadail ábhartha ná Lárionad Eolaíochta Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus an Lárionad um Shintéis & um Bitheolaíocht Cheimiceach d'Ollscoil na hÉireann agus Leabharlann Taighde Iarchéime Ollscoil na hÉireann, Corcaigh.

[4] Ón uair nár measadh saoráid an Leighis d'Ollscoil na hÉireann, Corcaigh ina cheangaltas ar 31 Nollaig 2010, fágadh ar lár é ó chuntais na bliana 2010.

[5] Tar éis athbhreithnithe ar an gcaiteachas a tabhaíodh i dtaca le tionscadal 1a/bonneagair Champas Choláiste Mhuire gan Smál, tá an caiteachas carnach go deireadh na bliana 2010 mar a taispeánadh i gCuntais Leithreasa na Bliana 2010 leasaithe ó €15.295m go €15.326m, rud a d'eascair ó mhaolaisnéis €31,000 i gcuntais na mblianta a chuaigh thart. Ina theannta sin le linn na bliana 2011, nuair a socraíodh suim chomhaontaithe fhoriomlán i gcomhair an tionscadail, mhéadaigh costas an tionscadail beagáinín d'fhonn áireamh a dhéanamh ar na suimeanna a tabhaíodh chun oibreacha breise a sholáthar - rud a bhí ina shiocair le ceangaltas deiridh €15.901m in ionad na suime €15.870 a cláraíodh i gCuntais na Bliana 2010.

**C. Na Costais Chaipitil ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2010 | Caiteachas i 2011 | Iarmhéid gan íoc fós ar chostas caipitil an tionscadail ar sheachadadh | Iomláin |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann - CPP[2] | 16,170 | 1,612 | 47,942 | 65,724 |
| 2. Beartán Píolótach Scoileanna[1] | 18,946 | 2,082 | 72,584 | 93,612 |
| 3. Scoil Cheoil Chorcaí [1] | 12,544 | 1,517 | 64,679 | 78,740 |
| 4. An Chéad Dornán Scoileanna CPP | 8,531 | 1,919 | 74,270 | 84,720 |
| 5. An Dara Dornán Scoileanna CPP | — | 11,765 | 98,749 | 110,514 |

***Nótaí***

[1.] Táthar ag íoc as an tionscadal ó Fho-mhírcheann F.2

***Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí***

Tá cúig chonradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP).

Tá dhá thionscadal tríú leibhéal, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann, Corcaigh, agus Scoil Cheoil Chorcaí, i gceist chomh maith le trí dhornán de thionscadail scoileanna, Treoirthionscadail Scoileanna agus an Chéad agus an Dara Dornán Scoileanna. Leanfaidh na foirgnimh de bheith in úinéireacht an Stáit fad a bheidh feidhm ag an gconradh, agus tabharfar ceadúnas don Chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus chun iad a chothabháil ar feadh tréimhse cúig bliana is fiche.

***Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann***

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004 agus ba é Oideachas Fócais Éireann (Focus Education Ireland) an comhpháirtí ón earnáil phríobháideach. Ba é CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibrithe in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

***Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí - Ar Leanúint***

***CPP Threoirthionscadal Scoileanna***

Tá na cúig iar-bhunscoil lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh, i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Threoirthionscadal Scoil a shíniú le Tionscadail Jarvis i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

***Scoil Cheoil Chorcaí***

Ba i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí ar 16 Iúil 2007.

***An Chéad Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Márta 2009 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Co. Laoise (Dhá Scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gCo. Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh na scoileanna seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

***An Dara Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Bhí gach ceann de na sé scoileanna ag feidhmiú amach i ndeireadh na bliana 2011.

## 2.9 Dliteanais Aibithe

Níorbh fhéidir próiseáil billí áirithe a bhí ar láimh ag deireadh na bliana a thabhairt chun críche de dheasca na sprioc-amanna inmheánacha próiseála íocaíochta a bhí riachtanach chun é a chur ar chumas na Roinne ríomhaistrithe airgid a chur i gcrích faoi sprioc-amanna na mbanc tráchtála. Ag éirí as na teorannuithe próiseála seo, bhí dliteanais aibithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna arbh éard a bhí iontu ná €107,029 go hiomlán ar 31 Nollaig 2011. Ba í an tsuim choibhéiseach ag 31 Nollaig 2010 ná €50,411.

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfo-mhírcheann riaracháin A.1. - A.9.).

I gcomhlíonadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus le ceadú na Roinne Airgeadais, bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhm as próiseas airgeadais ar a dtugtar virement sa bhliain 2011, amhail a rinneadh i mblianta eile. Lig sé seo don Roinn fónamh a bhaint as coigilteas i bhfo-mhírcheann amháin nó níos mó ná fo-mhírcheann amháin chun riar ar róchaiteachas i bhfo-mhírchinn eile. Tagraítear do Chodanna B.1.1.11 agus C 2(6-13) de na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí. I bhfianaise an fhaireacháin leanúnaigh ar threochtaí caiteachais sa Roinn, baineadh feidhm as virement i dtaca le fo-mhírchinn áirithe ina ndeachaigh, mar shampla, scéimeanna/tionscadail chun cinn ní ba thapúla ná mar a tuaradh i dtosach nó ina raibh éileamh/costais ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach sa bhliain 2011.

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.3. | 354 | D'eascair an coigilteas ón tosaíocht a feidhmíodh sna riachtanais oiliúna, ón luach níos fearr ar airgead a d'eascair ó sholáthar na hoiliúna saincheaptha intí, chomh maith le laghduithe i gcostas na seirbhísí mar tugadh iarrachtaí leanúnacha ar bharainneachtaí a bhaint amach ó thaobh an chaiteachais ar riarachán. |
| A.4. | 849 | Ba de chineál teicniúil €500,000 den choigilteas seo toisc nár gearradh ar Fho-mhírcheann A.4 sa deireadh costas athsholáthair chóras teileachumarsáide na Roinne, cé go bhfuair an Fo-mhírcheann seo an leithroinnt airgeadais sna Meastacháin. D'eascair an chuid eile den choigilteas go príomha ó chonarthaí nua a bheith i bhfeidhm sa bhliain 2011 ó thaobh na nguthán soghluaiste agus ó choigilteas a bheith ag teacht as mol geataí teileachumarsáide a cheannach, rud a laghdaigh costas na nglaonna ó línte talún ar ghutháin shoghluaiste. |
| A.6. | 715 | D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann na n-áitreabh oifige go háirithe toisc nach ndeachaigh oibreacha áirithe feabhsúcháin in áitribh na Roinne ar aghaidh mar a bhí beartaithe sa bhliain 2011. D'eascair coigilteas breise ó chostais na cothabhála agus an fhuinnimh a bhféadfadh éagsúlacht a bheith orthu ó bhliain go bliain. |
| B.2. | 8,491 | D'eascair an coigilteas go príomha ó atheagrú na seirbhísí iompair scoile, rud a chuimsigh cónascadh na mbealaí agus laghdú méide na bhfeithiclí, ar scáil iad ar an titim san éileamh ar sheirbhísí nua, ar an athphróiseas tairisceana ar roinnt seirbhísí a rinne Bus Éireann, comhaontú le Bus Éireann i dtaca le teorainn a chur lena dtáille riaracháin chomh maith leis an laghdú ginearálta i líon na bpáistí a bhain leas as an tseirbhís iompair scoile. |
| B.4. | 292 | D'eascair an coigilteas go príomha ón ráta malairte idir an Euro agus Dollar na Stát Aontaithe ar an ranníocaíocht a íocadh le hEOECNA/UNESCO a bheith fabhrach, chomh maith le lacáiste toisc gur íocadh an síntiús bliantúil go pras. D'eascair an chuid eile den choigilteas ó mhoill i seoladh na scéime nua scoláireachtaí faoi fhoráil na "Straitéise Idirnáisiúnta Oideachais 2010-2015". |
| B.5. | 205 | D'eascair an coigilteas toisc nach ndeachaigh an caiteachas ar thionscadail taighde ná ar thionscadail ó thaobh an Aontais Eorpaigh ar aghaidh mar a réamh-mheasadh nuair a socraíodh na meastacháin de chéaduair. Thairis sin, aistríodh feidhmeanna áirithe chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra i rith na bliana 2011. |

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| B.6. | 1,752 | D’eascair an coigilteas ar oideachas múinteoirí go príomha ós rud é go ndearnadh dul chun cinn a bhí níba mhoille ná mar a bhíothas ag dréim leis maidir le tionscnaimh ilghnéitheacha a bhaineann leis an nGaeilge agus le Mata. Ina theannta sin, ba lú ná mar a réamh-mheasadh na costais a bhain leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach. |
| B.8. | 131 | D'eascair an coigilteas go príomha toisc gur stad dhá thionscadal sa bhliain 2010 agus toisc gur laghdaigh costais riaracháin mar thit líon na dtionscadal ar na blianta deireanacha seo. |
| B.9. | 863 | D'eascair an coigilteas go príomha ó laghdú i rith na bliana 2011 ar leibhéal an deontais a íocadh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta de thoradh an fharasbairr oibriúcháin i gcuntais na Comhairle. D'eascair coigilteas breise ón líon folúntas neamhlíonta agus ó thionscadail gan a bheith ag dul ar aghaidh i rith na bliana 2011. |
| B.10. | 387 | D'eascair an coigilteas go mór mór toisc nár lamháladh aon mhaoiniú nua as na Cuntais Dhíomhaoine i gcomhair an fho-mhírchinn sa bhliain 2011. |
| B.15. | 2,163 | D'eascair €2 milliún den choigilteas mar ba lú an tarraingt anuas den mhaoiniú i gcomhair Chomhaontas na Stát Aontaithe - na hÉireann. Tá íocaíochtaí leis an gciste faoi réir an mhaoinithe chomhoiriúnaithe ó bhainisteoir an chiste, toisc nach bhfuair an Roinn aon iarratas ar mhaoiniú sa bhliain 2011. D'eascair an chuid eile den choigilteas ó leibhéal an chaiteachais ar na tionscadail Thuaidh-Theas a bheith ní ba lú ná an méid a bhí tuartha. |
| B.17 | 805 | Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann ilghnéitheach seo, ina bhfuil sé fhorannán. D'eascair €700,000 den choigilteas mar cuireadh codanna den straitéis 20 bliain don Ghaeilge ar aghaidh ní ba mhoille ná mar a measadh roimh ré de dheasca srianta acmhainne. |
| B.18 | 5,512 | D'eascair an coigilteas go príomha toisc gur cuireadh laghduithe spriocdhírithe caiteachais i bhfeidhm, gur cuireadh gníomhaíochtaí beartaithe siar ón mbliain 2011 go dtí an bhliain 2012 agus go raibh an caiteachas ar Chlár Leathanbhanda na Scoileanna ní ba lú ná mar a measadh roimh ré. |
| B.19 | 10,821 | D'eascair an coigilteas mar níorbh fhéidir leis an Coimisiún faoi Mhí-úsáid Leanaí a oiread de bhillí dlíthiúla tríú páirtí a thabhairt chun críche i rith na bliana 2011 agus a tuaradh. |
| B.20 | 1,405 | D'eascair an coigilteas go príomha mar fuarthas fáltais aonuaire €600,000 i modh ioncaim tháillí, mar cuireadh caiteachas siar ó thaobh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna a chónascadh, in éineacht le coigilteas gaolmhar sa chaiteachas reatha. |
| C.5 | 4,278 | Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo toisc go bhfuil trí fhorannán déag aige agus toisc gur de chineál ilghnéitheach é. D'eascair €3.5m den choigilteas mar bhí an caiteachas ar chostais dlí, ar thionscnaimh oideachais speisialta agus ar chostais trealaimh ní ba lú ná mar a measadh roimh ré. D'eascair coigilteas de thart ar €0.5m ó chaiteachas ní ba lú ar chóiríocht shealadach scoileanna a thógáil ar cíos. |

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| C.7 | 1,095 | D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann seo na dtionscnamh speisialta go príomha toisc gur aithníodh na scéimeanna píolótacha um Anailís Fheidhmeach ar Iompraíocht mar scoileanna speisialta i rith na bliana 2011, agus aistríodh costais ghaolmhara na foirne ón bhfo-mhírcheann seo chuig fo-mhírchinn phárolla na Roinne. |
| D.3 | 3,025 | D'eascair an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo go príomha mar bhí líon na gcúntóirí riachtanas speisialta ar an bpárolla i rith na bliana 2011 ní ba lú ná an líon a raibh súil leis chomh maith le híocaíochtaí iarmhartacha ÁSPC a bheith ní ba lú mar bhí na costais phárolla ní ba lú. |
| E.1. | 31,000 | D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann na tacaíochta do mhic léinn go príomha de bharr na hiarmharta sa bhliain 2011 a bhí ag na bearta a tugadh isteach i gCáinaisnéisí na mblianta 2010 agus 2011 a chuir deireadh leis an gcleachtas ó thaobh ligean do mhic léinn deontais chothabhála a fháil in éineacht le Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas nó um Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais. D'eascair coigilteas breise ó iarmhairt an athraithe maidir le critéir cháiliúcháin ó thaobh an ráta mhíchóngaraigh deontais. |
| E.3. | 550 | D'eascair an coigilteas go mór mór ó na bearta a tugadh isteach chun an caiteachas poiblí a laghdú, agus an lánchosc a cuireadh leis an earcaíocht san áireamh, ó chostais seirbhíse a bheith ní ba lú agus thairis sin ó mhoill ó thaobh tús a chur le hoibreacha ar bhunachar institiúideach sonraí na foirne a bhí beartaithe. |
| E.5. | 1,080 | D'eascair an coigilteas mar bhí rátaí tháillí clárúcháin na mac léinn ní b'airde, mar bhí laghdú dá réir sa ghlanmhéid a bhí iníoctha sa bhliain 2011 agus mar thit líon na mac léinn, chomh maith le líon laghdaithe na mac léinn sin a bhí intofa do dheontais. Lena chois sin, ní dheachaigh scéimeanna eile agus íocaíochtaí eile ar aghaidh de réir mar a measadh nuair a socraíodh na meastacháin i gcomhair na bliana 2011. |
| E.9. | 457 | D'eascair an coigilteas mar bhí an riachtanas cistiúcháin de thoradh an tionscnaimh táillí in aisce ní ba lú ná mar a measadh roimh ré agus mar tugadh isteach síntiúis ó na mic léinn. |
| E.10. | (198) | D'eascair an róchaiteachas go príomha ó tháille chlárúcháin a bheith iníoctha leis an mBord Pinsean i leith na scéimeanna pinsin a bhí ag forais tríú leibhéal áirithe. |
| E.13. | 2,536 | D'eascair an coigilteas go mór mór ó rómheastachán ar an maoiniú ba ghá i gcomhair na ndeontas ó Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht i leith na bliana 2011. |
| E.14. | 804 | D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin mar tharla moill ó thaobh líonadh na bhfolúntas foirne i rith na bliana 2011. |
| F.1. | (37,074) | Cuireadh maoiniú breise ar fáil toisc gur baineadh feidhm as virement chun ranníocaíocht a dhéanamh i leith an airgid i gcomhair scéime Mionoibreacha Feabhsúcháin sna scoileanna agus chun aghaidh a thabhairt ar thiomantais chontharthacha eile. |
| F.3. | (19,985) | Cuireadh maoiniú breise ar fáil toisc gur baineadh feidhm as virement chun éascaíocht a dhéanamh do dheontas caipitil cineachta a íoc le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí Teicneolaíochta. |
| F.4. | 165 | D'eascair an coigilteas mar cuireadh deireadh leis an bhfo-mhírcheann sa bhliain 2011. |
| G.4. | 1,500 | D'eascair an coigilteas mar ba lú caiteachas caipitil FÁS ná mar a measadh roimh ré toisc nach ndeachaigh na hoibreacha uasghrádúcháin i gcomhair na saoráidí printíseachta i Lárionad Oiliúna na Gaillimhe ar aghaidh i rith 2011. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| **H.1. Fáltais Riaracháin agus Seirbhísí Eile** | | | |
| 1. Scéimeanna ilghnéitheacha aoisliúntais, lena n-áirítear an Chomhairle Mhúinteoireachta agus comhlachtaí ilghnéitheacha eile | 350 | 436 | 785 |
| 2. Ranníocaíochtaí ón Aontas Eorpach i gcomhair gníomhaíochtaí oideachais | 25 | 750 | 33 |
| 3. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | 28,300 | 28,782 | 49,972 |
| 4. Fáltais maidir le Clár na Síochana | 10 | 71 | 512 |
| 5. Ilghnéitheach | 1,151 | 861 | 1,404 |
| 6. Maoiniú Cuntas Díomhaoin | 3,000 | 1,624 | 2,239 |
| **H.2. Fáltais an Chéad Leibhéil** | | | |
| 1. Aoisliúntas srl. na Múinteoirí Náisiúnta: | | | |
| (i) Aisíoc Aiscí faoi na scéimeanna aoisliúntais, 1934 go 1958, srl. | 460 | 461 | 404 |
| (ii) Ranníocaíochtaí leis na scéimeanna aoisliúntais | 81,647 | 80,926 | 81,114 |
| (iii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Múinteoirí | 28,238 | 28,001 | 27,755 |
| 2. Ilghnéitheach | 1,290 | 1,876 | 2,750 |
| 3. Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, d'Airígh agus don Fhoireann Chléireachais i Scoileanna Náisiúnta (Fo-mhírcheann | 6,553 | 6,979 | 6,541 |
| 4. Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail | 3,961 | 4,262 | 5,005 |
| 5. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí | 288 | 344 | 288 |
| **H.3. Fáltais Dara Leibhéal agus Fáltais Bhreisoideachais** | | | |
| 1. Aoisliúntas srl. na múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna: | | | |
| (i) Ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí | 59,929 | 58,033 | 58,585 |
| (ii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Meánmhúinteoirí | 17,997 | 17,212 | 17,003 |
| (iii) Aisíoc aiscí faoi Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí | 79 | 151 | 82 |
| 2. Táillí cúrsa an Athscrúdaithe Ardteistiméireachta | 83 | 118 | 90 |
| 3. Ilghnéitheach | 2,725 | 4,868 | 1,992 |
| 4. Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus do Chúntóirí Cléireachais i Meánscoileanna (Fo-mhírcheann D.3.) | 948 | 1,130 | 1,004 |
| 5. Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail | 4,259 | 2,785 | 4,089 |
| 6. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí | 178 | 175 | 178 |

| | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| **H.4. Fáltais FÁS[1&2]** | | | |
| 1. FÁS - pinsin | 4,000 | 4,236 | 2,532 |
| 2. FÁS - fáltais phinsin a eascraíonn ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) | 4,500 | 3,963 | 3,555 |
| **H.5. Asbhaintí ó thaobh Pinsin** | | | |
| 1. Fáltais ón asbhaint ó thaobh pinsin ar an luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 358,962 | 369,439 | 353,956 |
| **Iomlán** | **608,933** | **617,483** | **621,868** |

1. Faoin Ordú um Chláir agus Seirbhísí Fostaíochta agus um Oiliúint Scileanna (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2010 (IR 187 de 2010), aistríodh feidhmeanna áirithe a bhí dílsithe roimhe sin d'Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chuig Oifig athainmnithe an Aire Oideachais agus Scileanna le héifeacht ó 1 Bealtaine 2010.

2. Tugadh Fáltais FÁS chun cuntais go dtí 30 Aibreán 2010 faoi Vóta 34, Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta.

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh, agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| **H.1.** | | |
| 2. | (725) | D'eascair farasbarr sna fáltais ón Aontas Eorpach mar tugadh isteach próiseas aisghabhála i gcomhair na foirne a bhí lonnaithe in Oifig Bia agus Tréidliachta an Choimisiúin Eorpaigh i gContae na Mí. Tharla aisghabháil ar chostais dhá bhliain i rith 2011. |
| 5. | 290 | D'eascair gannchion sna fáltais ó sholáthar i bhfad ní ba mhó ar bhailiúchán a bheith socraithe i gcomhair na bliana 2011 (€1.1m), a bhí ní b'airde de €0.04m ná an sprioc maidir le bailiúchán na bliana 2010. Fáltais de chineál ad-hoc ar deacair iad a mheas is ea na fáltais san fho-mhírcheann ilghnéitheach seo. |
| 6. | 1,376 | Baintear feidhm as an bhfo-mhírcheann seo chun fáltais a bhaineann le caiteachas a thabhaítear ar Scéim Chistí na gCuntas Díomhaoin faoi Fho-mhírcheann B.10. a thabhairt chun cuntais. Déantar ioncam i bhFo-mhírcheann H.1.6 a nascadh le caiteachas ó Fho-mhírcheann B.10 sa dóigh go mbíonn sé neodrach ó thaobh an Státchiste de. |

| | | |
|---|---|---|
| **H.2.** | | |
| 2. | (586) | D'eascair farasbarr sna fáltais ó aisghabháil lacáistí iomarcaíochta, sochar árachais shóisialaigh agus fáltais ad-hoc eile ar deacair iad a mheas. |
| 3. | (426) | D'eascair farasbarr sa bhliain 2011 mar cheannaigh cúntóirí riachtanas speisialta agus airígh leibhéil seirbhíse pinsin a bhí ní ba mhó ná mar a measadh roimh ré. |
| 4. | (301) | D'eascair farasbarr na bliana 2011 go príomha ón athghreim ar bhillí gan íoc i leith daoine ar iasacht ó bhlianta roimhe sin. |
| **H.3.** | | |
| 1. | 2,609 | D'eascair gannchion sna fáltais go mór mór mar bhí líon na bpost múinteoireachta ní ba lú sa bhliain 2011 agus freisin mar tharla gannchion sna fáltais aonuaire. |
| 3. | (2,143) | D'eascair farasbarr sna fáltais ilghnéitheacha go príomha ón aisghabháil airgid ó údaráis áitiúla maidir le tionscadail faoi leith a thacaíonn le saoráidí feabhsaithe caipitil i scoileanna.. |
| 4. | (182) | D'eascair farasbarr sa bhliain 2011 mar cheannaigh Cúntóirí Riachtanas Speisialta leibhéil seirbhíse pinsin a bhí ní ba mhó ná mar a measadh roimh ré. |
| 5. | 1,474 | D'eascair gannchion sna fáltais go mór mór ó laghdú i líon na socruithe i leith daoine ar iasacht a bhí i bhfeidhm i 2010/11. |
| **H.4.** | | |
| 1. | (236) | D'eascair farasbarr sa bhliain 2011 mar bailíodh ní ba mhó ranníocaíochtaí pinsin ná mar a measadh roimh ré. |
| 2. | 537 | D'eascair an gannchion sna fáltais ó thaobh na ranníocaíochtaí pinsin a d'íoc iarfhoireann na Comhairle Oiliúna (AnCO) le scéim dhúnta na bpinsean de chuid FÁS go príomha mar chuaigh ní ba mhó daoine ar scor, agus ba é an toradh a bhí air sin ná gur laghdaigh an líon ball a bhí ag íoc. |

| **4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fáltais bhreise leis an Státchiste - [1] | 17,281 | 345 |
| Airgead coinsiasa | 31 | — |

Nóta 1 - I rith na bliana 2011, aisíocadh na fáltais mhórluacha seo a leanas leis an Roinn chun go dtabharfaí suas iad don Roinn Airgeadais mar Fháltais bhreise leis an Státchiste. D'eascair na híocaíochtaí seo go háirithe ó iarmhéideanna barrachais a bheith gan chaitheamh ó dheontais a íocadh i mbliain roimhe sin agus tugadh suas iad ó na comhlachtaí seo a leanas:

| | **€000** |
|---|---|
| FÁS | 5,000 |
| Bus Éireann | 6,818 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas - Oifig Náisiúnta Rochtana | 3,800 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas - Cláir Thaighde | 1,602 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (coibhéisí lánaimseartha)[1] | 94,613 | 96,919 |

1. Tá líon na bhfostaithe i gcomhair na bliana 2010 leasaithe ó 97,970, a tuairiscíodh i gcuntais fhoilsithe na bliana 2010, go 96,919 chun go mbeadh an cur chuige ar dhóigh chomhchuí. Coigeartaíodh an líon foirne a tuairiscíodh chun nach gcuimseofaí ach na poist chroíláir a maoiníodh ar an tríú leibhéal, mar cuimsítear na poist seo i gcomhaireamh foriomlán na foirne san earnáil phoiblí.

2. I rith na bliana 2011 faoin Oifig um Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2011, aistríodh feidhmeanna áirithe na Roinne maidir leis an gclár críochnaithe scoile agus maidir leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais agus cuid d'fho-mhírcheann C.5 Deontais agus seirbhísí eile chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra.

| | €000 | €000 |
|---|---|---|
| Pá | 54,597 | 53,817 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 291 | 278 |
| Liúntais eile | 104 | 113 |
| Ragobair | 724 | 699 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,481 | 4,241 |
| **Pá iomlán** | **60,197** | **59,148** |

Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach leis an bhfoireann a íoctar as an bhfo-mhírcheann riaracháin A.1. - Tuarastail na Foirne.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 65 | 5 | 19,585 | 19,548 |
| Liúntais eile[1] | 88 | — | 5,783 | 5,772 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 252 | 10 | 17,964 | 16,974 |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

Is leis an bhfoireann a íoctar as Fo-mhírchinn an Bhuiséid Riaracháin A.1. agus A.9. amháin a bhaineann na sonraí de liúntais agus d'íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo.

## 5.2 Socruithe Eile um Luach Saothair

Rinneadh naoi státseirbhíseach déag a bhí ar scor agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhruiliú ar bhonn táille ar chostas iomlán €91,673.

### 5.3 Ró-íocaíochtaí

As an tsuim ar luach de €3.15 milliún de ró-íocaíochtaí a dearbhaíodh i gClár Comhardaithe chuntais na Roinne, eascraíonn an tsuim de €1.18 milliún as ró-íocaíochtaí a pléadh i dTuarascáil 2011 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Mar chuid de Bhuiséad 2011, chuir an Rialtas laghdú deich faoin gcéad i bhfeidhm ar phá iontrálaithe nua don tseirbhís phoiblí. Chiallaigh socrú an Bhuiséid freisin gur thosaigh gach ceapaí nua don mhúinteoireacht agus gach múinteoir ar scor a d'fhill ar an múinteoireacht ag chéad phointe an scála phá ábhartha. Bhain téarmaí shocrú an Bhuiséid le foireann neamh-theagaisc atá á fostú i scoileanna freisin.

Eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ceithre mhíle is ceithre scór íocaíocht gach coicís d'fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc. D'éiligh na hathruithe a fógraíodh sa bhuiséad mórathruithe sna córais phárolla a bhí le forbairt agus le cur i bhfeidhm gan cur isteach in aon chor ar na príomhsheirbhísí párolla. Cuireadh na hathruithe seo i bhfeidhm laistigh den chreat ama ba ghiorra ab fhéidir, tar éis soiléiriú gach ceiste a bhain le ceapaithe nua, chomh maith le cinntiú go raibh na rialacha a bhí á gcur i bhfeidhm d'fheidhmiú an tsocraithe do bhaill fhoirne in earnáil an oideachais comhsheasmhach leis na cinn sin a bhí á gcur i bhfeidhm in earnálacha eile. Rinneadh téarmaí shocrú an Bhuiséid, na scálaí tuarastail athbhreithnithe agus doiciméad Ceisteanna Coitianta a ionchorprú i gCiorclán Roinne, 40/2011.

Is é polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna gach ró-íocaíocht a fháil ar ais. Cuirfear tús le fáil ar ais na ró-íocaíochtaí a rinneadh do cheapaithe nua i Ráithe 3, 2012.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Tá na fo-mhírchinn i Vóta 26 ónar íocadh an maoiniú a foinsíodh ón gCrannchur Náisiúnta tugtha thíos. Tá liosta iomlán le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie)

| **Faighteoirí an Mhaoinithe ón gCrannchur Náisiúnta** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Fo-mhírcheann B.1.) | 854 | 864 |
| Gníomhaíochtaí cultúir (Fo-mhírcheann B.14.) | 187 | 196 |
| Iomlán | 1,041 | 1,060 |

## 6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach (AE)

An tsuim €20,071,525 ó fháltais Chiste Sóisialta na hEorpa €28,782,398 (€19,971,123 agus €8,811,275 Neamhphá) i H1.3 a fuarthas sa bhliain 2011 agus a taispeánadh mar Leithreasaí-i-gCabhair, bhí sí ar áireamh sa chaiteachas taifeadta ó na Fo-mhírchinn seo a leanas d'Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna: - A.1., B.5.,B.20, D.1., D.6., D.9., E.4., agus E.12, G.2 agus G.7.

Ag éirí as aistriú na bhfeidhmeanna i rith na bliana 2010, is ó chaiteachas faoin iar-Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta - fo-mhírchinn chaiteachais K.2., M.1, M.2, M.3 agus M.5 de Vóta 34 sna blianta roimhe seo - a dhíorthaíonn an tsuim €8,710,873 a fuarthas sa bhliain 2011 ó ghníomhaíochtaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus a thaispeántar san ioncam iomlán H.1.3 €28,782,398. Is sna fo-mhírchinn G.2 agus G.7 a dhéantar taifead ar an gcaiteachas coibhéiseach leanúnach i Vóta 26 anois.

### Maoiniú ón AE go díreach chuig comhlachtaí

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach ón AE chuig na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne i rith na bliana 2011.

| **Fo-mhírcheann** | **Tuairisc** | **Maoiniú 2011** | **Maoiniú 2010** |
|---|---|---|---|
| | | **€[1]** | **€** |
| G.1. | FÁS | 412,062 | 567,204 |

[1]Is é an miondealú air seo ná é seo a leanas: cláir EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) - €197,000; Clár Soghluaiseachta na bPrintíseach €49,000; agus Ceannairí Scáileáin €166,000.

## An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

Is éard atá sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú ná clár maoinithe an Aontais Eorpaigh a chuidíonn le Ballstáit an AE clár uasoiliúna, athoiliúna agus tacaí fiontraíochta a chur ar fáil d'oibrithe a ndéantar iomarcaíocht orthu de thoradh dhrochiarmhairtí an domhandaithe. I dtaca le cláir arna gcur isteach ag ballstáit sa tréimhse idir Bealtaine 2009 agus Nollaig 2011, cuireann an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú maoiniú ar ráta suas le 65%, agus is as an maoiniú náisiúnta a riartar ar an 35% eile. Baineann ráta laghdaithe uas-chómhaoinithe 50% an AE le hairratais a chuirtear isteach ó 1 Eanáir 2012.

**An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (Ar Leanúint)**

Is de chineál ilbhliantúil iad cláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Faoi Alt 13(2) de rialachán AE 1927/2006, maireann an tréimhse fhorfheidhmithe a bhíonn ag clár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú suas le 24 mhí, tréimhse dar tús an dáta a gcuireann an Ballstát iarratas isteach. Lena chois sin, féadfar bearta a thosaigh *sular* cuireadh an t-iarratas isteach a chur san áireamh. Faoin Rialachán, ní mór do Bhallstát Tuarascáil Deiridh agus Ráiteas Caiteachais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar dháta nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Ina theannta sin, tá tréimhse chlabhsúir 6 mhí tar éis an Tuarascáil Deiridh i gcomhair an Choimisiúin Eorpaigh a fháil chun an clár a fhoirceannadh go foirmiúil. Ar deireadh, is ar fhoirceannadh chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a bheidh cuntasaíocht iomlán ar mhaoiniú an chláir agus ar chaiteachas an chláir ar fáil.

Is mar gheall ar struchtúr ilbhliantúil an Chiste, éilimh chaiteachais a bheith curtha isteach ag soláthraithe náisiúnta seirbhíse ar bhonn eatramhach, ar bhonn bliantúil nó ar bhonn ilbhliantúil agus gan an chionroinnt ar chaiteachas iomlán an AE agus ar an gcaiteachas náisiúnta iomlán a bheith tugtha chun críche go dtí clabhsúr iomlán na gclár, a bhíonn sé deacair caiteachas bliantúil ar chláir a réiteach i gcomhréir leis an tuairisciú forordaithe ar na cuntais náisiúnta. Beidh na sonraí iomlána de chaiteachas na gclár ar fáil, áfach, nuair a bheidh gach clár ar leith foirceanta.

Sa bhliain 2010, fuair Éire íocaíochtaí €24.85m ón AE faoin gCiste i leith na n-iarratas Dell (€14.83m), Waterford Crystal (€2.57m) agus S R Technics (€7.45m). Thosaigh na cláir seo sa bhliain 2009 agus chríochnaigh siad idir Meitheamh 2011 agus Deireadh Fómhair 2011. Níor cuireadh ach tuarascáil deiridh amháin, an ceann i leith an chláir de chuid Dell, faoi bhráid an AE sa bhliain 2011. I Márta 2012 bhí an tuarascáil, agus eolas breise áirithe a iarradh i dtaobh na tuarascála, fós faoi bhreithniú ag an gCoimisiún Eorpach. Cuireadh tuarascáil deiridh chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de chuid Waterford Crystal faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i bhFeabhra 2012 agus ní mór an tuarascáil deiridh i gcomhair an chláir de chuid S R Technics a chur isteach in Aibreán 2012.

Deimhníodh i dTuarascáil Deiridh Chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de chuid Dell a cuireadh faoi bhráid an AE go ndearnadh caiteachas €13.62m go hiomlán, ar mhaoinigh an tAE 65% (€8.85m) de agus ar mhaoinigh foinsí náisiúnta 35% (€4.77m) de.

Deimhníodh i dTuarascáil Deiridh Chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de chuid Waterford Crystal a cuireadh faoi bhráid an AE go ndearnadh caiteachas €3.09m go hiomlán, ar mhaoinigh an tAE 65%(€2.01m) de agus ar mhaoinigh foinsí náisiúnta 35% (€1.08m) de. I Márta 2012, ní raibh Tuarascáil Deiridh S R Technics tugtha chun críche.

Sa bhliain 2011, fuair Éire íocaíochtaí ón AE faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €35.74m i dtaca le trí cinn d'iarratais fho-earnála a chuimsigh go hiomlán beagnach 9,000 oibrí tógála a bhí iomarcach. Tá maoiniú is ionann agus €60.59m faighte ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú go dtí seo, mar sin.

Tá cómhaoiniú náisiúnta curtha ar fáil go dtí seo do chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ó:-

- An Roinn Oideachais agus Scileanna, Fo-mhírcheann G.6 (tacaí fiontraíochta), Fo-mhírchinn G.2 agus E.1., (tacaí agus liúntais oiliúna agus oideachais, cúnamh teicniúil)
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (Vóta 38) (Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus tacaí seirbhíse fostaíochta)

## Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais

Bhí NQAI agus FETAC araon ag fáil maoinithe ón AE i 2011. Fuair NQAI maoiniú de €0.060 milliún maidir lena chuid gníomhaíochtaí EUROPASS. Faigheann FETAC maoiniú ar mhaithe lena sholáthar den rúnaíocht do EQAVET. Bhí suim iomlán de €0.411 milliún i gceist leis sin i 2011.

## 6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2011 €000 | Caiteachas i 2011 €000 | Caiteachas i 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 67,367 | 2,173 | 2,261 |
| Coiste Athbhreithnithe um Fhorais Chónaithe | 2003 | 6,633 | 678 | 840 |
| Coimisiún um Chóiríocht Scoile | 1996 | 3,518 | 1 | 12 |
| Fiosrúchán ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh[1] | 2006 | 328 | 4 | 39 |
| | | 77,846 | 2,856 | 3,152 |

## 6.4 Dliteanas Teagmhasach

Déanfar a thuilleadh íocaíochtaí a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an mBord um Shásamh. Ní féidir na costais chríochnaitheacha a shocrú ag an bpointe seo mar is obair leanúnach atá ar siúl faoi láthair ag an dá chomhlacht.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ó bunaíodh é go deireadh 2011 ná €67,367,166. Ag an bpointe seo, meastar go bhféadfaidh soláthar de thart ar €15 - €20 milliún a bheith ag teastáil chun íoc as costais eile an Choimisiúin. Is soláthar trialach é seo ós rud é nach bhfuil toirt mhór costas dlíthiúil tríú páirtí idirbheartaithe fós ag an gCoimisiún.

Ba é an caiteachas a bhain leis an mBord um Shásamh go deireadh 2011 ná €1,087,898,420 agus ag an bpointe sin bhí timpeall is 14,855 iarratas próiseáilte as an neasiomlán 15,412 (agus 964 d'iarratais dhéanacha san áireamh) a fuair an Bord. Thairis sin, bhí 1,474 d'aighneachtaí déanacha le breithniú ag an mBord. Ag an bpointe seo meastar go bhféadfaidh costais bhreise d'isteach agus amach le €150 milliún éirí. Bunaítear an meastachán ar an meándámhachtain agus cuirtear an t-eolas is déanaí ar iarratais dhéanacha san áireamh freisin. Is meastachán trialach é seo, áfach, ós rud é go leanann an Bord d'iarratais dhéanacha a fháil agus a phróiseáil go dtí an dáta deiridh, 16 Meán Fómhair 2011, agus ós rud é go bhféadfaidh éagsúlacht leis an meánmhéid a bheith ar leibhéal na dámhachtana sna cásanna seo atá fós le breithniú.

## 6.5 Costais dlí agus cúiteamh

Chuimsigh an caiteachas faoi fho-mhírcheann B.2. dámhachtainí arbh fhiú €51,217 go hiomlán iad a d'eascair ó mholadh an Ombudsman. (S18/40/79)

Cuimsíonn an caiteachas faoi fho-mhírcheann B.12. dámhachtainí arbh fhiú go hiomlán iad ná €484,167 i dtaca le trí chás sásaimh. Tabhaíodh táillí dlí arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €271,422 sna trí chás seo agus in ocht gcás eile freisin. Tabhaíodh táillí imscrúdaitheacha agus táillí eile arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €5,851 i gceann de na cásanna sásaimh agus i dtrí chás dlí eile. (S18/10/04)

Cuimsíonn an caiteachas faoi fho-mhírcheann C.10 costais socraíochta €240,000 a bhain le ceithre chás oideachais speisialta. Tabhaíodh táillí dlí arbh fhiú go hiomlán iad ná €622,159 sna ceithre chás socraíochta agus i gcúig chás oideachais speisialta eile. (S18/7/00 agus S/18/7/00 (Cuid 1))

Cuimsíonn an caiteachas faoi fho-mhírcheann D.8. costais dlí €450,505 agus costais €75,000 mar shocraíocht ar chás cúirte lenar bhain múinteoir.

Chuimsigh an caiteachas faoi fho-mhírcheann E.1 socraíocht €17,500 agus táillí dlí €19,030 a d'eascair ó dheontas cothabhála a dhámhachtain. (Tagairt an Cheadaithe 1500 dar dáta 10/03/2011)

## 6.6 Sásamh i leith Foras Cónaithe

### Cuntas Speisialta um Shásamh i leith Foras Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí cuntas speisialta arna mhaoiniú as 'airgead a sholáthróidh an tOireachtas' agus ag 'duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais'. Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an chuntais speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an chomhaontaithe slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha (na hoird rialta) a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad Sceideal den Chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gcuntas speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais ghaolmhara dlí agus socraíochta. Tá na cuntais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

#### Cuntas Speisialta um Shásamh Fad a Bheadh Bunú an Chiste Reachtúil ar Feitheamh

I Mí Aibreáin 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé i gceist aige eilimint airgid thirim ar luach €110 milliún de thairiscintí ranníoca na gcuallachtaí reiligiúnacha a úsáid le ciste reachtúil a bhunú agus a fheidhmiú le tacú le riachtanais mharthanóirí mhí-úsáid chónaithe institiúideach leanaí. Ar feitheamh bhunú an chiste reachtúil, osclaíodh cuntas speisialta úsmhar, faoi dhésmacht na Roinne Airgeadais (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe anois) agus na Roinne Oideachais agus Scileanna sa Bhanc Ceannais leis na ranníocaíochtaí airgid thirim a fháil ó na cuallachtaí. Le linn 2010, fuarthas €20.6 milliún den chineál seo ranníocaíochtaí, agus fuarthas €0.45 milliún breise i 2011. Aistreofar na ranníocaíochtaí seo, agus an t-ús gaolmhar a thuilltear ón gcuntas, chuig an gciste reachtúil nuair a bhunófar é. Ba í an iarmhéid deiridh don chuntas ag 31 Nollaig 2011 ná €21,232,058.

## 6.7 Caiteachas ar Chóiríocht Shealadach Scoile

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírchinn C.5. agus D.8. suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €28,941,529 go hiomlán i dtaca le háitribh shealadacha scoileanna.

## 7 Cuntais ilghnéitheacha

| **7.1 Cuntais Neamhvótáilte** | **Urrúis** | **Airgead Tirim** | **Iomlán 2011** | **Iomlán 2010** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid na nurrús ar 1 Eanáir 2011 | 548 | — | 548 | 1,106 |
| Urrúis a fuasclaíodh | — | — | — | (558) |
| Aistriú ó Chuntas Fáltas agus Íocaíochtaí | — | — | — | 558 |
| Urrúis a ceannaíodh | — | — | — | — |
| Aistriú an airgid fhuascailte | — | — | — | (558) |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2011 | 548 | — | 548 | 548 |

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig**

| | **Iomlán 2011** | **Iomlán 2010** |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ar 1 Eanáir | 143 | 114 |
| Fáltais | 24 | 607 |
| Aistriú go cuntas caipitil [1] | — | (558) |
| Íocaíochtaí | (18) | (20) |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig | 149 | 143 |

[1] I gcomhréir le comhaontú le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla (Vóta 24), agus le héifeacht ón mbliain 2010 tá na cistí dearlaice agus na sealbháin stoic araon á n-aistriú chuig na Coimisinéirí ar bhonn agaithe i gcaitheamh na mblianta 2010 go 2013.

## 7.2 Scoileanna Dearlaice

Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí na Scoileanna Dearlaice (comhdhéanta faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire) 1885) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2011, i leith Caipitil agus Ioncaim.

| | Urrúis | Airgead Tirim | Iomlán 2011 | Iomlán 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 416 | — | 416 | 601 |
| Urrúis a fuasclaíodh | — | — | — | — |
| Aistriú ó chuntas fáltas agus íocaíochtaí | — | — | — | 26 |
| Aistriú cistí lena n-athinfheistiú [1] | — | — | — | (211) |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig | **416** | — | **416** | **416** |

| **Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ar 1 Eanáir | 13 | 20 |
| Fáltais | 16 | 249 |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | — | (211) |
| Íocaíochtaí | (20) | (45) |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig | 9 | 13 |

[1]I gcomhréir le comhaontú le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla (Vóta 24), agus le héifeacht ón mbliain 2010 tá na cistí dearlaice agus na sealbháin stoic araon de chuid na Scoileanna Dearlaice á n-aistriú chuig na Coimisinéirí ar bhonn agaithe i gcaitheamh na mblianta 2010 - 2013

| **7.3 Ciste Deontas i gCabhair 2011** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fo-mhírcheann B.1. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta) | 854 | 864 |
| Fo-mhírcheann B.8. - Íocaíochtaí i leith thionscadail na dTascfhórsaí Áitiúla Drugaí | 412 | 2,461 |
| Fo-mhírcheann B.14. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Cultúir, Eolaíochta agus Oideachais (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta) | 187 | 196 |
| | 1,453 | 3,521 |